

Preaseisiúint FRA
Vín, 19 Iúil 2022

A ríthábhachtaí atá an tsochaí shibhialta chun riail an dlí a neartú

Is cuid lárnach d’ailtireacht chearta bunúsacha na hEorpa í an tsochaí shibhialta. Agus tacú le daoine atá buailte ag an bpaindéim agus cuidiú leo siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin san áireamh, tá ról ríthábhachtach ag an tsochaí shibhialta maidir le cearta daoine a chosaint. Agus é sin á dhéanamh, cuireann sé le cultúr sláintiúil um riail an dlí. Ach in ainneoin forbairtí dearfacha, tuairiscítear sa tuarascáil um spás na sochaí sibhialta is déanaí ó Ghníomhaireacht AE um Chearta Bunúsacha (FRA) go bhfuil an iliomad dúshlán, ó chiapadh go dlíthe sriantacha, le sárú ag an tsochaí shibhialta i gcónaí. Leagtar béim ann ar an ngá atá ag an Eoraip le timpeallacht oibre níos fabhraí a áirithiú don tsochaí shibhialta.

“Tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun cur leis na seiceálacha agus cothromaíochta atá mar bhonn agus thaca ag riail an dlí,” a deir Stiúrthóir FRA [Michael O’Flaherty](#). “Is é sin an fáth a gcreidim go láidir gur gá don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit níos mó a dhéanamh chun an spás cumasúcháin a ligeann don tsochaí shibhialta cearta an duine a chosaint ar fud an AE a imfhálú.”

Díríonn tuarascáil FRA [‘Europe’s civil society: still under pressure – Update 2022’](#) ar an bpríomhról atá ag an tsochaí shibhialta maidir le cultúr um riail an dlí a chothú. Luann sé samplaí dea-chleachtais ó ar fud an Aontais.

Áirítear orthu sin iarrachtaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta dlíthe agus beartais a mhúnlú, tacú le húdaráis um chearta an duine, rochtain ar cheartas, cuntasacht agus dlíthiúlacht a fheabhsú. Nochtann sé freisin samplaí den chaoi a dtéann siad i ngleic le dífhaisnéis agus le héilliú, agus le litearthacht sna meáin a fheabhsú chomh maith le feasacht a ardú ar shaincheisteanna um riail an dlí agus ar an ról atá ag an tsochaí shibhialta.

Dírítear sa tuarascáil ar uirlisí agus treoirínte náisiúnta, idirnáisiúnta agus AE le déanaí a thacaíonn le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Tá samplaí sa tuarascáil freisin den chaoi a bhfuil an tsochaí shibhialta ar thús cadhnaíochta in iarrachtaí chun tacú le daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Soláthraíonn eagraíochtaí cúnaimh praiticiúil, faisnéis faoi chearta agus seirbhísí chomh maith le comhairle dlí.

Nuashonraíonn an tuarascáil torthaí a chuir FRA i láthair in [2021](#) agus [2018](#) maidir le dúshlán atá le sárú ag an tsochaí shibhialta ar fud an Aontais i gcónaí.

D’aimsigh FRA a thorthaí i dtaighde i ngach Ballstát, agus i bhfreagraí ar chomhairliúchán ar líne a thug 450 eagraíocht um chearta an duine nó geall leis sa tsochaí shibhialta.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le: media@fra.europa.eu
/ Teil.: +43 1 580 30 653